



**COMHAIRLE AN
AONTAIS EORPAIGH**

An Bhruiséil, 9 Aibreán 2014

**8604/1/14
REV 1**

**PUBLIC 68
INF 115**

NÓTA

Ábhar: ACHOIMRE MHÍOSÚIL AR GHNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE
SAMHAIN 2013

Liostaítear sa doiciméad seo na gníomhartha a ghlac an Chomhairle i mí na Samhna 2013.^{1 2}

Tá faisnéis ann maidir le glacadh gníomhartha reachtacha, lena n-áirítear:

- an dáta ar glacadh an gníomh,
- an seisiún ábhartha den Chomhairle,
- uimhir an doiciméid a glacadh,
- an tagairt san Iris Oifigiúil,
- na rialacha vótála is ábhartha, torthaí na vótála agus, i gcás inarb iomchuí, míniú na vótaí agus ráitis foilsithe i miontuairiscí na Comhairle.

¹ Ní áirítear gníomhartha ar leith a bhfuil raon feidhme teoranta acu amhail cinntí nós imeachta, ceapacháin, cinntí ó chomhlachtaí a bunaíodh trí chomhaontuithe idirnáisiúnta, sainchinntí buiséadacha etc.

² I gcás gníomhartha reachtacha a glacadh tríd an ngnáthnós imeachta reachtach, d'fhéadfadh difríocht bheith ann idir an dáta ar reáchtáladh cruinniú na Comhairle inar glacadh an gníomh reachtach agus dáta an ghnímh atá i gceist, ó tharla nach meastar gur glacadh gníomhartha reachtacha a glacadh tríd an ngnáthnós imeachta reachtach go dtí go síníonn Uachtarán na Comhairle agus Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Ardrúnaithe an dá institiúid sin iad.

Tá faisnéis sa doiciméad seo maidir le glacadh gníomhartha neamhreachtacha a chinn an Chomhairle a sholáthar go poiblí freisin.

Tá an doiciméad seo ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle freisin ag:

<http://consilium.europa.eu/documents/legislative-transparency/monthly-summaries-of-council-acts>

Féadfar doiciméid atá liostaithe san achoimre a fháil ón gclár poiblí de dhoiciméid na Comhairle ag:

<http://consilium.europa.eu/documents/access-to-council-documents-public-register>

Ba cheart go dtabharfaí ar aird gur mar fhaisnéis amháin a chuirtear an doiciméad seo ar fáil - is iad na miontuairiscí ón gComhairle amháin atá barántúil. Tá na miontuairiscí ar fáil ag:

<http://consilium.europa.eu/documents/legislative-transparency/council-minutes>

FAISNÉIS MAIDIR LEIS NA GNÍOMHARTHA A GHLAC AN CHOMHAIRLE I MÍ NA SAMHNA 2013

An 3371ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA agus AIRGEADAIS) a tionóladh sa Bhruiséil an 15 Samhain 2013

GNÍOMHARTHA REACHTACHA

GNÍOMH	DOICIMÉAD	RIAIL VÓTÁLA	VÓTAÍ
Seasamh (AE) Uimh 11/2013 ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear rialacháin áirithe a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta chun bearta áirithe a ghlacadh IO C 360E, 10/12/2013, lch 1-48	13283/13 + ADD 1	Tromlach cáilithe	Na Ballstáit uile i bhfabhar
Seasamh (AE) Uimh 12/2013 ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear rialacháin áirithe a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála a mhéid a bhaineann le umhachtaí tarmligthe agus cur chun feidhme a dheonú chun bearta áirithe a ghlacadh IO C 360E, 10/12/2013, lch 49-65	13284/13 + ADD 1	Tromlach cáilithe	Na Ballstáit uile i bhfabhar
Rialachán (AE) Uimh. 1258/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí IO L 330, 10.12.2013, lch 21-29	PE-CONS 61/13	Tromlach cáilithe	Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas: i gCoinne: DE

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le beartas AE do FBManna

Is oth leis an gCoimisiún nár ghlac an Chomhairle tiomantas ní ba shoiléire chun táillí do FBManna, agus go háirithe micrifhiontair, a laghdú i gcomhréir le cuspóirí an bheartais AE do FBManna. De mheon comhréitigh, áfach, agus d'fhonn glacadh an leasú a thabhairt chun críche, féadfaidh an Coimisiún aontú leis an gcomréitheach atá molta lena n-iarrtar ar Bhallstáit a meas a dhéanamh ar na táillí a ghearrann siad a leasú i gcomhréir le méid an chomhlachta.

Rialachán (AE) Uimh 1259/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an Comhphobal agus tríú tíortha IO L 330, 10.12.2013, lch 30-38	PE-CONS 71/13	Tromlach cáilithe	Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas: i gCoinne: DE
Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le staidreamh Eorpach déimeagrafaíochta IO L 330, 10.12.2013, lch 39-43	PE-CONS 88/13	Tromlach cáilithe	Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas: Staon: CZ, HU, SK i gCoinne: IT
Ráiteas ón Iodáil Bhí an Iodáil i bhfabhar an rialacháin maidir le staidreamh Eorpach déimeagrafaíochta ó cuireadh tús leis an idirphlé. Deimhnítear sin leis an ról gníomhach atá glactha ag ionadaithe ón Iodáil ag cruinnithe den mheitheal Eurostatum an bPobal agus an Daonáireamh agus de Mheitheal na Comhairle um Staidreamh, a tionóladh ó Fhómhar 2009 i leith. Agus an méid sin ráite, chuir an Iodáil i gcoinne théacs an rialacháin a tháinig as cruinniú Mheitheal na Comhairle um an Staidreamh an 19 Iúil, agus tá sí ina choinne fós, mar a léirítear leis an bhforchoimeádas grinnscrúdaithe atá curtha ar an sainchomhad uile. Tá dhá chúis ann nach n-aontaíonn an Iodáil le leagan an Rialacháin an 19 Iúil: ar an gcéad dul síos, tagann an sainmhíniú ar "ghnáthlíon an lucht chónaithe" salach ar an reachtaíocht atá i bhfeidhm cheana san Iodáil (Rialachán maidir le clárlann an phobail) agus ní áirithítear sé go mbeidh sé comhsheasmhach leis na rialacháin Eorpacha eile maidir leis an déimeagrafaíocht atá i bhfeidhm cheana féin (.i. Rialachán 862/2007 maidir leis an imirce agus Rialachán 763/2008 maidir le daonáirimh); ar an dara dul síos, gur baineadh de facto an t-airteagal i ndáil le maolaithe (.i. Airt. 8a, a d'fhorghaigh an Chomhairle i samhradh 2012 agus ar cuireadh Airt. 7a maidir le staidéar indéantachta ina ionad).			
Ráiteas ó Phoblacht na Cróite Tá sé ráite ag an gCróit cheana féin go dtugann sí tacaíocht ghinearálta don Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach déimeagrafaíochta . Mar sin féin, ba mhaith leis an gCróit a chur i bhfios go láidir nach mbeidh sí in ann raon feidhme iomlán na n-oibleagáidí a chomhlíonadh mar a shainítear in Airteagal 3 den Togra le haghaidh Rialacháin thuasluaite iad . Níor bailíodh sonraí maidir le beobhreitheanna de réir tíre breithe na máthar nó sonraí i ndáil le básanna de réir tíre breithe don chéad bhliain tagartha, .i. 2013. Mar sin, ní fhéadfar sonraí sonraithe a sholáthar. Tabharfaidh Poblacht na Cróite an dá athróg seo isteach do na suirbhéanna staidrimh atá ann cheana féin, agus beidh na sonraí ar fáil ón mbliain tagartha 2014 amach.			

Ráiteas ón Rómáin

Tá sé ráite ag an Rómáin cheana féin go dtugann sí tacaíocht ghinearálta don Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach déimeagrafaíochta.

Mar sin féin, ba mhaith leis an Rómáin a chur i bhfios go láidir nach mbeidh sí in ann raon feidhme iomlán na n-oibleagáidí a chomhlíonadh mar a shainítear iad in Airteagal 3 den Togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin.

Níor bailíodh sonraí maidir le beobhreitheanna de réir tíre breithe na máthar, thír saoránachta na máthar agus réigiún cónaithe na máthar agus sonraí i ndáil le básanna de réir tíre breithe don chéad bhliain tagartha, .i. 2013. Mar sin, ní fhéadfar sonraí sonrath a sholáthar.

Tá an ceithre athróg seo tugtha isteach ag an Rómáin do na suirbhéanna staidrimh atá ann cheana féin, agus beidh na sonraí ar fáil ón mbliain tagartha 2014 amach.

Rialachán (AE) Uimh. 1202/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2009 maidir le cuótaí taraife d'fhíon IO L 321, 30/11/2013, lch 1-5	PE-CONS 92/13	Tromlach cáilithe	Na Ballstáit uile i bhfabhar
Seasamh (AE) Uimh 13/2013 ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh maidir le tacagraif san iompar ar bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán ón gComhairle (CEE) Uimh 3821/85 maidir le trealamh taifeadta san iompar ar bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar ar bhóthar IO C 360E, 10/12/2013, lch 66-104	11523/13	Tromlach cáilithe	Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas: i gCoinne: DE

Ráiteas ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine

Is é atá i gceist leis an togra seo ón gCoimisiún maidir leis an tacagraf digiteach éifeachtacht agus éifeachtúlacht na dtacagraf a bhunú agus a áirithiú go gcoífidh tiománaithe gairmiúla níos dlúithe leis na rialacha tiomána agus tréimhsí scíthe.

Is é tuairim Rialtas Cónaidhme na Gearmáine nár cheart, áfach, gurb é an toradh a bheadh ar an togra ualach riarachán breise ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide - go háirithe fiontair thionsclaíocha cheirde - gan cúis mhaith a bheith leis.

Sa téacs comhréitigh a ndearna an Pharlaimint agus an Chomhairle caibidlíocht air, déantar foráil do na fiontair sin a dhíolmhú má bhaineann siad leas as feithicil laistigh de gha 100km ó bhunáit an ghnóthais. Cé gur céim chun tosaigh an méid sin ar an díolúine atá ann cheana nach gclúdaítear ach ga 50km léi, i gcás tíortha a bhfuil achar mór acu, ar nós na Gearmáine, áfach, ní leor an fhoráil nua agus, mar sin, ní féidir glacadh léi. Fairis sin, sa lá atá inniu ann, tá ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ag brath ar rochtain ar chustaiméirí laistigh do raon níos leithne.

Ó thús na caibidlíochta, rinne Rialtas Cónaidhme na Gearmáine agóid an díolúine a leathnú go raon 150km. Mar rogha íosta dheireannach, d'fhéadfadh an Ghearmáin glacadh leis an deis an díolúine a leathnú go raon 150km, ar a laghad i gcás na mBallstát sin a mheas gur ghá sin.

Ar bhonn na n-argóintí atá sa ráiteas seo le haghaidh na miontuairiscí, níl Rialtas Cónaidhme na Gearmáine in ann aontú leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an tacagraf digiteach sa leagan atá mar thoradh ar an idirphlé trípháirteach neamhfhoirmiúil.

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le rialachán (CE) uimh 561/2006

"D'fhonn cur chun feidhme éifeachtach agus aonfhoirmeach na reachtaíochta maidir le hamanna tiomána agus tréimhsí scíthe, leanfaidh an Coimisiún de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta sin, agus nuair is gá, na tionscnaimh is iomchuí a ghlacadh."

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le gníomhartha cur chun feidhme

Maidir le gníomhartha a bheidh ann amach anseo, a mbeidh an chumacht tugtha don Choimisiún ón ngníomh reachtach iad a ghlacadh d'fhonn na forálacha mionsonraithe agus na sonraíochtaí don tacagraf, do chártaí tacagraif agus do na duillíní taifeadta a leagan amach, chomh maith leis na ceanglais chineálcheadaithe, measann an Coimisiún go ndíreoidh na gníomhartha sin ar na sonraíochtaí teicniúla sa ghníomh bunúsach a fhorlíonadh ba cheart dá bharr sin gur gníomhartha tarmlichte a bheadh iontu a ghlacfaí ar bhonn Airteagal 290 CFAE. Ní chuirfidh an Coimisiún in aghaidh ghlacadh an téacs mar atá comhaontaithe ag na comhreachtóirí. Mar sin féin, meabhraíonn an Choimisiún go bhfuil ceist an teorannaithe idir Airteagal 290 agus 291 CFAE á scrúdú faoi láthair ag an gCúirt Breithiúnais sa chás bithicíde.

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le húsáid airteagal 5(4) fomhír 2 pointe (b) de Rialachán (AE) uimh 182/2011

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil sé contrártha le teachtaireacht agus le spiorad Rialachán 182/2011 (IO L 55 an 28.2.2011, lch. 13), pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 5 § 4 a agairt ar mhodh córasach. Níor cheart dul i muinín na forála sin ach amháin má tá gá sonrach ann imeacht ón riail láimhe, is é sin go bhféadfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh mura dtugtar aon tuairim. Toisc gurb eisceacht é ón riail ghinearálta a bunaíodh le hAirteagal 5 § 4, ní féidir glacadh le dul i muinín phointe (b) den dara fomhír mar "cumhacht lánroghnach" de chuid an reachtóra, agus ní mór ciall a bhaint as ar bhealach sriantach agus, mar sin, bonn cirt a bheith leis.

Cé go dtugann an Coimisiún dá aire an comhaontú ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air maidir le dul i muinín na forála sin, is oth leis nach léirítear an t-údar sin san aithris.

Treoir 2013/54/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le freagrachtaí Bratstát áirithe i dtaca leis an gCoinbhinsiún Oibreachais Mhuirí a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú, 2006 IO L 329, 10/12/2013, lch. 1–4	PE-CONS 43/13	Tromlach cáilithe	Na Ballstáit uile i bhfabhar
Ráitis ón gCoimisiún Measann an Coimisiún nach léirítear sa teideal raon feidhme na Treorach mar ba chóir.			
Ráiteas ón Ostair Is eol don Ostair a shuntasáí atá an Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí, ar céim thábhachtach é i dtreo caighdeáin mhaireachtála agus oibre maraithe ar longa a fheabhsú. Dá réir sin, is díol sásaimh don Ostair na hiarrachtaí atá déanta an Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí a chur chun feidhme sa mhéid is mó Ballstáit. Ar an láimh eile, is lú an tábhacht a bhaineann le hiompar muirí do tír thalamhiata amhail an Ostair, ní hamháin mar gheall go bhfuil an clár loingseoireachta dúnta do shoithigh thráchtála. Ag féachaint dó sin, ní Bratstát an Ostair a thuilleadh. Níor mhaith leis an Ostair cur i gcoinne na mBallstát eile ar dhóigh ar bith, dá mba rud é go ndéanfaidís an Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí a dhaingniú laistigh de bhrí na dTreoracha atá molta. Os rud é go gceanglaítear tiomantas suntasach riaracháin agus airgeadais le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin seo, atá go hiomlán díreireach le hábharthacht an Choinbhinsiúin don Ostair, níl sé i gceist ag an Ostair an Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí a dhaingniú.			
Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hárthach áineasa agus dobhararthaí pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE IO L 354, 28.12.2013, lch 90-131	PE-CONS 41/13	Tromlach cáilithe	Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas: i gCoinne: BG
Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hInniúlacht an Choiste Is oth leis an gCoimisiún gur glacadh Airteagal 50(5) agus (6) a bhfuil de chontúirt ag baint leis go bhféadfadh sé mearbhall agus éiginnteacht dlíthiúil a chruthú. Is le Rialachán Uimh (AE) 182/2011, a glacadh ar bhonn Airteagal 291, tríú mír, CFAE, agus leis an Rialachán sin amháin a shanntar ról na gCoistí a áiríthíonn rialú ó na Ballstáit ar chleachtadh cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún. Dá bharr sin, ní fhéadfadh aon ghníomh tánaisteach reachtaíochta an ról sin a leasú nó a shainaithint tuilleadh. Go háirithe, glacann na coistí rialacha nós imeachta na gcoistí ar bhonn Rialachán Uimh (AE) 182/2011. Mar sin ní mór go gcuirfí i bhfeidhm iad nuair atá an Coiste i mbun a róil a shanntar le Rialachán Uimh (AE) 182/2011. Tá aon tagairt a dhéantar do rialacha nós imeachta lasmuigh den chomhthéacs sin iomarcach agus míchuí. Baineann an riosca leis freisin go bhféadfadh sé cor a chur i bhfeidhmiú an choiste.			
Ráiteas ó thoscaireacht na Gearmáine Aontaíonn Poblacht Chónaidhme na Gearmáine le torthaí na caibidlíochta trípháirteach ar an Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hárthach áineasa agus dobhararthaí pearsanta, ach léiríonn sí nach leor na ceanglais atá sa chomhréiteach d'astúcháin sceite ná d'astaíochtaí torainn. Is oth le Poblacht Chónaidhme na Gearmáine nár tugadh dóthain machnaimh do moltaí a rinne sí i dtaca leis sin.			

Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 lena leasaítear Treoir 2005/36/CE maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('an Rialachán IMI') IO L 354, 28.12.2013, lch 132-170	PE-CONS 57/13	Tromlach cáilithe	Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas: Staon: BG
Ráitis ón gCoimisiún Áiríteoidh an Coimisiún, agus e ag ullmhú na ngíomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 57c(2), go gcuirfear na doiciméid ábhartha ar aghaidh go comhuaineach, in am tráth agus go cuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, agus déanfaidh sé comhairliúcháin iomchuí agus thrédhearcacha i bhfad roimh ré, go háirithe le saineolaithe ó na húdaráis agus na comhlachtaí inniúla, le cumainn phroifisiúnta agus le hionaid oideachais na mBallstáit uile, agus i gcás inarb iomchuí le saineolaithe ó na comhpháirtithe sóisialta.			

Ráiteas ón mBulgáir

Staanann an Bhulgáir ón vótáil i leith Airt. 46 den Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/36/CE maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla, ag tagairt do fhad na tréimhse oiliúna d'ailtirí, ar na cúiseanna seo a leanas:

Is é tuairim Poblacht na Bulgáire go baintear amach caighdeán sásúil don ghairm mar ailtire i dtéarmaí feasachta, scileanna agus inniúlachtaí trí mheascán d'oideachas acadúil agus taithí ghairmiúil i gcomhréir leis an gcaighdeán idirnáisiúnta do staidéar lánaimseartha 5 bliana ar a laghad ag ollscoil nó ag institiúid oideachasúil inchomparáide, a mbíonn de thoradh air go gcríochnaítear go rathúil scrúdú ollscoile chun cáilíocht a ghnóthú agus ar a laghad dhá bhliain de thréimhse ghairmiúil oiliúna, atá deimhnithe, faoi seach, teistithe le teastas arna eisiúint ag an údarás inniúil. Cuireann an Bhulgáir i bhfios go láidir gur leis an gcaighdeán idirnáisiúnta a cheadaítear aitheantas uathoibríoch na cáilíochta gairmiúla d'ailtirí agus an íosthréimhse oiliúna a ghabhann léi agus an forlónadh den oideachas acadúil le taithí ghairmiúil.

Tá gairm an ailtire ar cheann de na gairmeacha beatha a bhfuil tionchar díreach acu ar shaol agus ar shláinte na ndaoine. Maidir le dearaí tógála, a thugann ailtirí chun críche, ba cheart go ráthófaí leo don tsochaí go gcomhlíonfaidh na foirgnimh a bheidh ann de thoradh na ndearaí sin na ceanglais rialála agus na sonraíochta teicniúla chun inmhathanacht agus téagarthacht na tógála a áirithiú sa luchtú oibríochtúil agus seismeach, go soláthróidh siad saothrú sábháilte oibríochta foirgnimh agus sábháilteacht tine, go gcruthófar leo timpeallacht shláintiúil mhaireachtála a chosnóidh saol agus sláinte na ndaoine, chomh maith le caomhnú comhshaoil.

Faoi láthair, is mó i bhfad na ceanglais feasachta, scileanna agus inniúlachtaí d'ailtirí i gcomparáid lena raibh riachtanach 15 bliana ó shin chun gairm an ailtire a chleachtadh, agus táthar ag cur leo, lena n-áirítear réimsí agus disciplíní nua. Baintear an bonn sin amach ar leibhéal acadúil. Ar an gcaoi sin, níl sé áisiúil go mbeifí i gcónaí ag iarraidh an t-oideachas acadúil agus an fad a laghdú, lena gcuirtear san áireamh an lear méadaitheach torthaí foghlama. Is baolach don Bhulgáir go laghdófar leis an rialáil íosta iomaíochas ailtirí Eorpacha ar roinnt margaí domhanda, os rud é gur tréimhse acadúil cúig bliana an caighdeán idirnáisiúnta.

Cuireann an Bhulgáir a himní in iúl nár leagadh síos an foirmle barainneach sna leasuithe atá moltá chun nuashonrú a dhéanamh ar Threoir 2005/36/CE maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla chomh fada a bhaineann le comhcheanglais íosta i dtreo comhchreat caighdeánaithe a bhunú don oiliúint in ailtireacht mar phríomhábhar, chomh maith le ceanglais chaighdeánaithe do fhad, d'ábhar agus do rialú an tréimshe oiliúna ghairmiúil, chomh maith leis an easpa tréimhse oiliúna, más rud é gur fad oiliúna 5 bliana atá san ailtireacht mar phríomhábhar. Cothaíonn an Bhulgáir an seasamh atá aici maidir leis an riachtanas a bhaineann le tréimhse oiliúna ghairmiúil a bheith ann a bheadh dhá bhliain ar fhad, faoi mhaoirseacht ailtire chláráithe nó comhlácha inniúil eile, os rud é gur leis an tréimhse oiliúna sin go sonrach a chuirtear an fheasacht phraiticiúil ar fáil i bhfiorthimpeallacht oibre go chéimithe a raibh an ailtireacht mar phríomhábhar acu, rud atá éagsúil ón timpeallacht oibre ar an ollscoil. Ní fhéadfar comparáid a dhéanamh idir an tréimhse oiliúna, dá bhforáiltear i ndiaidh na tríú bliana den oiliúint, agus caighdeán na tréimshe oiliúna faoi mhaoirseacht ailtire chláráithe nó comhlácha inniúil a dhéanfaí tar éis na hoiliúna ar an ailtireacht mar phríomhábhar a bheith curtha i gcrích.

Treoir 2013/56/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 lena leasaítear Treoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cadhnraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí dramhaíola agus cadhnraí i ndáil le ceallraí soghluaiste agus cadhnraí ina bhfuil caidmiam a chur ar an margadh chun go n-úsáidfear in uirlisí cumhachta gan sreang iad, agus ceallraí cnapchille ina bhfuil cion beag mearcair, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/603/EC ón gCoimisiún IO L 329, 10.12.2013, lch 5-9	PE-CONS 55/13	Tromlach cáilithe	Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas: Staon: EE
Ráiteas ón gCoimisiún i ndáil leis an nós imeachta maidir le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil sé contrártha le teachtaireacht agus le spiorad Rialachán 182/2011 (IO L 55 an 28.2.2011, lch. 13), pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 5 § 4 a agairt ar mhodh córasach. Níor cheart dul i muinín na forála sin ach amháin má tá gá sonrach ann imeacht ón riail láimhe, is é sin go bhféadfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh mura dtugtar aon tuairim. Toisc gurb eisceacht é ón riail ghinearálta a bunaíodh le hAirteagal 5 § 4, ní féidir glacadh le dul i muinín phointe (b) den dara fomhír mar "cumhacht lánroghnach" de chuid an Reachtóra, agus ní mór ciall a bhaint as ar bhealach sriantach agus, mar sin, bonn cirt a bheith leis. Ráiteas ón gCoimisiún maidir le comhairliúchán leis na geallshealbhóirí Tugann an Coimisiún dá aire an comhaontú a bhain na comhreachtóirí amach maidir le hAirteagal 1(8)b. Meabhraíonn sé, áfach, nach mór a léirmhíniú go gciallaíonn Airteagal 290 go mbeidh an Coimisiún neamhspleách nuair a ullmhaíonn sé agus nuair a ghlacann sé gníomhartha tarmligthe. Taispeántar an léirmhíniú sin san aithris caighdeánach maidir le comhairle saineolaithe, ar aithris í atá sa Chomhthuiscint a comhaontaíodh idir na trí institiúidí. Is oth leis an gCoimisiún nár urramaíodh don phrionsabal sin agus cuireann sé i bhfios go láidir nach féidir fasach a dhéanamh den chás reatha. Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an leagan comhdhlúite Tá faoin gCoimisiún teagmháil a dhéanamh le hOifig na bhFoilseachán chun go n-ullmhófar leagan comhdhlúite de Threoracha 2006/66/CE laistigh de thrí mhí tar éis dáta teacht i bhfeidhm na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/66/CE maidir le cadhnraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí dramhaíola agus cadhnraí i ndáil le ceallraí soghluaiste agus cadhnraí ina bhfuil caidmiam a chur ar an margadh chun go n-úsáidfear in uirlisí cumhachta gan sreang iad.			

Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hathchúrsáil long agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 agus Treoir 2009/16/CE IO L 330, 10.12.2013, lch 1-20	PE-CONS 59/13	Tromlach cáilithe	Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas: Staon: DE, EE, PL i gCoinne: BG, CY, MT
Ráiteas ón mBulgáir, ón gCipir agus ó Mhálta Aithníonn na Ballstáit thuasluaite go mbaineann dúshláin shuntasacha comhshaoil le hathchúrsáil long, agus go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Ní thagaimid leis an tuairim gur cur chuige réigiúnach an bealach is fearr chun cinn áfach. I bhfianaise chineál uilíoch earnáil na loingseoireachta agus cheart úinéirí long a gcuid long a chur faoi bhrat eile, b'fhearr an dáta a gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm a nascadh le dáta theacht i bhfeidhm Choinbhinsiún Hong Cong. Ina theannta sin, tá an tairseach de 2.5 mhilliún tonna toillíochta éadroime in Airteagal 32 ró-íseal chun a áirithiú go mbeifear in ann ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm.			
Ráiteas ón gCipir Is oth leis an gCipir nár cuireadh isteach foclaíocht níos soiléire in Airteagal 16(4) den Rialachán, i ndáil le prionsabal an chomhionannais a chur i bhfeidhm i ndlí an Aontais, agus go háirithe, lena bhforáiltear do rochtain neamh-idirdhealaitheach ar áiseanna athchúrsála do longa atá faoi bhratach de chuid Ballstáit ar bith AE. Measann an Chipir nach bhféagann an easpa tagartha den chineál sin go bhféadfaidh an Coimisiún áiseanna athchúrsála long a fhormheas a bheadh suite i dtríú tíortha, amhail an Tuirc, a chuireann bearta idirdhealaitheacha i bhfeidhm ar longa a bhaineann le Ballstát ar bith. Sháródh formheas den chineál sin prionsabal an chomhionannais agus, dá bhrí sin, mheasfaí gur formheas neamhdhleathach a bheadh i gceist leis. Sa chomhthéacs sin, agus sa bhreis ar na prionsabail a chumhdaítear i gConradh an Aontais Eorpaigh, meabhraíonn an Chipir na Conclúidí ón gComhairle an 11 Nollaig 2012 maidir le Méadú agus an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, agus an Dearbhú ón gComhphobal Eorpach agus a Bhallstáit an 21 Meán Fómhair 2005, agus cuireann sí i dtreis go bhfuil oibleagáid ann an Prótacal Breise den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Tuirc a chur chun feidhme ar mhodh neamh-idirdhealaitheach i leith na mBallstát uile. Má leantar de na bearta sriantacha a chuireann an Tuirc i bhfeidhm i leith Phoblacht na Cipire, in éineacht le forálacha an Rialacháin seo, beidh tionchar diúltach aige ar gheilleagar agus ar thionscal long na Cipire. Eisiafar longa a bhaineann leis an gCipir ó áiseanna athchúrsála sa Tuirc atá formheasta ag AE, lena dteorannófar a roghanna athchúrsála. Beidh caillteanas ioncaim mar thoradh ar chaillteanas dosheachanta bratacha ó chlár loingseoireachta na Cipire. Beidh buille suntasach i ndán do thionscail bhainistíochta na gcalafort agus na loingseoireachta, ós rud é go seachnóidh úinéirí long an Chipir mar mhol iompair. Dá bhrí sin, iarrann an Chipir ar an gCoimisiún urraim scrupallach a thabhairt do phrionsabal an chomhionannais agus liosta na n-áiseanna athchúrsála long á dhréachtú aige. Forchoimeádann an Chipir a cearta uile aici féin, lena n-áirítear an sásamh dlíthiúil i gcás inarb iomchuí, chun a áirithiú go n-urramófar prionsabal an chomhionannais.			

Ráiteas ón bPolainn

Aithníonn an Pholainn go bhfuil inní mhór ann maidir le sábháilteacht agus maidir leis an gcomhshaol mar gheall ar chleachtais athchúrsála long in áiteanna áirithe ar fud an domhain agus a éilíonn réitigh phráinneacha agus éifeachtacha.

Creideann an Pholainn freisin go bhfuil gá ag an iompar muirí, mar earnáil de chineál atá uilíoch tríd is tríd, le bearta atá níos leithne ná rialacháin iltaobhacha AE. Dá bharr sin, bhí drogall ar an bPolainn a tacaíocht a thabhairt do rialachán AE maidir le hathchúrsáil long agus in ionad sin thacaigh sí le tréanarracht a dhéanamh ionas go dtiocfadh Coinbhinsiún Hong Cong i bhfeidhm tráth níos luaithe le go ndéanfaí longa a athchúrsáil ar bhealach sábháilte agus fóna ó thaobh an chomhshaoil de. Creidimid nach féidir dul i ngleic go héifeachtach le cleachtais neamhfhóna athchúrsála long ach amháin tríd an gCoinbhinsiún a theacht i bhfeidhm go luath agus trína fhorfheidhmiú.

Is rímhór ag an bPolainn go bhfuil téacs deiridh an Rialacháin maidir le hathchúrsáil long ailínithe go forleathan leis an gCoinbhinsiún agus go bhféadfadh sin coigeartuithe ar dhlí AE maidir le Coinbhinsiún Hong Cong a éascú amach anseo.

Tá amhras ar an bPolainn i gcónaí, áfach, gurb iad na coinníollacha optamacha chun an Rialachán a chur i bhfeidhm na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 32. Ní ráthaítear le dáta an chur i bhfeidhm i mír 1(b) go mbeifear in ann an Rialachán seo a chomhlíonadh toisc gur dócha nach mbeidh cumas athchúrsála leordhóthanach ann agus toisc nach bhfuil aon nasc daingean idir é agus Coinbhinsiún Hong Cong.

Agus an méid sin thuas á chur san áireamh, ní fhéadfaidh an Pholainn tacú leis an Rialachán agus staonfaidh sí ón vótáil.

Ráiteas ón nGearmáin

Tá inní fós ar an nGearmáin faoi cibé acu an bhféadfar aon dul chun cinn a dhéanamh leis an Rialachán seo chun a chuspóir a bhaint amach, toisc nach bhfuil de chumhacht aige úinéirí long a stopadh óna longa a chlárú faoi bhratach neamh-AE, tráth a ndéantar iad a bhriseadh suas, agus as a los sin an cleachtas atá ann i gcónaí a choinneáil suas.

Ráiteas ón gCoimisiún i ndáil leis an nós imeachta maidir le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil sé contrártha le teachtaireacht agus le spiorad Rialachán 182/2011 (IO L 55 an 28.2.2011, lch. 13), pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 5 § 4 a agairt ar mhodh córasach. Níor cheart dul i muinín na forála sin ach amháin má tá gá sonrach ann imeacht ón riail láimhe, is é sin go bhféadfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh mura dtugtar aon tuairim.

Toisc gurb eisceacht é ón riail ghinearálta a bunaíodh le hAirteagal 5 § 4, ní féidir glacadh le dul i muinín phointe (b) den dara fomhír mar "cumhacht lánroghnach" de chuid an Reachtóra, agus ní mór ciall a bhaint as ar bhealach sriantach agus, mar sin, bonn cirt a bheith leis.

Ráiteas ón Laitvia

Comhaontaíonn an Laitvia leis an dréacht-Rialachán agus na dúshláin maidir leis an gcomhshaol a bhaineann le cleachtais athchúrsála long á gcur san áireamh aici. Ag an am céanna, creideann an Laitvia go mbeadh córas domhanda a bunaíodh le Coinbhinsiún Hong Cong níos éifeachtaí ó tharla gur earnáil dhomhanda í earnáil na loingseoireachta agus mar gheall ar ghnéithe iomaíochais chalafoirt AE.

Maidir leis sin, ba mhaith leis an Laitvia a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus an tuarascáil á hullmhú ar a indéanta is a bheadh ionstraim airgeadais a sholáthar lena n-éascófaí athchúrsáil long ar bhealach fóna sábháilte i gcomhréir le hAirteagal 29 agus le hAithris 19 den dréacht-Rialachán, an tionchar a bheadh ag bearta ar bith mar sin a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas, freisin, maidir le hiomaíochas chalafoirt AE i gcomparáid le calafoirt i stáit nach baill den Aontas iad sa réigiún céanna.

Cinneadh Uimh. 1386/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020 dar teideal 'Muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid' IO L 354, 28.12.2013, lch 171-200	PE-CONS 64/13	Tromlach cáilithe	Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas: Staon: HU, PL
Ráiteas ó Mhálta, ón Ríocht Aontaithe, ón tSlóivéin agus ón gCipir De mheon an chomhréitigh, féadfaidh Málta, an Ríocht Aontaithe, an tSlóivéin agus an Chipir glacadh leis an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh a glacadh an 24 Deireadh Fómhair 2013 i ndáil leis an togra maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020 dar teideal 'Muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid', a mhéid a léiríonn sé an toradh a bhí ar an idirphlé tripháirteach neamhfhoirmiúil an 19 Meitheamh 2013, a d'fhormhuinigh Coreper ina dhiaidh sin an 26 Meitheamh 2013. Ach is cúis inní fós do Mhálta, don Ríocht Aontaithe, don tSlóivéin agus don Chipir na tagairtí i mír 25 agus i mír 28(vi) den Iarscríbhinn maidir le spriocanna a leagan síos i dtaobh úsáid talún. Tá leagan amach na bpríomhchuspóirí i dtaobh úsáid talún á phlé cheana féin i gcomhthéacs na bpunann maidir le Comhtháthú Críochach agus Forbairt Uirbeach. Creideann Málta, an Ríocht Aontaithe, an tSlóivéin agus an Chipir gur cheart gur faoi na Ballstát a bheadh sé na spriocanna sin a chur i bhfeidhm i ngeall ar shainiúlachtaí agus ar ilchineálacht na gcríoch.			
Ráiteas ón nGearmáin Ó 2010 i leith, ó eisíodh na Conclúidí ón gComhairle, bhí an Ghearmáin ar cheann de na Ballstáit sin a d'iarr ar an gCoimisiún Eorpach an 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaoil (An 7ú CGC) a dhréachtú. Bhí an Ghearmáin ar cheann de na toscaireachtaí freisin a mhol feabhsuithe éagsúla ar an téacs agus a léirigh an tsolúbthacht is mó tríd is tríd. Mar sin féin, tá an Ghearmáin ar cheann de na Ballstáit sin a mheasann nach ionstraim comhréireach leordhóthanach réamhbhreathnaitheach le haghaidh cosaint ithreach ar leibhéal AE í an Treoir atá beartaithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Creat le haghaidh Cosaint Ithreach agus lena leasaítear Treoir 2004/35/CE mar a thíolaic an Coimisiún Eorpach é in 2006. Tá an-difríocht idir bealaí éagsúla náisiúnta nó réigiúnacha maidir le tabhairt faoi chosaint ithreach toisc go bhfuil patrúin talmhaíochta, foraoiseachta agus úsáide talún thar a bheith éagsúil ó chéile. Tá dul chun cinn déanta cheana féin ar fud AE, bíodh is nach ar an luas céanna é ó réigiún go chéile, chun cosaint ithreach a áirithiú, lena n-áirítear suímh fhabhtaithe a shainaithint agus córais faireacháin a fhorbairt. Ba cheart béim a leagan ar na hiarrachtaí sin a threisiú trí dhea-chleachtais a roinnt agus trí threoirilínte a fhorbairt tuilleadh, agus na difríochtaí ó réigiún go chéile agus prionsabal na coimhdeachta á gcur san áireamh go hiomlán.			

Ráiteas ón bhFrainc, ó Mhálda, ón Ísiltír, ón Ostair agus ón Ríocht Aontaithe

Áirítear an Fhrainc, Málta, an Ísiltír, an Ostair agus an Ríocht Aontaithe i measc na dtoscaireachtaí sin a thacaíonn leis an toradh a bhí ar na hidirphléití tripháirteacha neamhfhoirmiúla a bhí ann maidir leis an 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol (an 7ú CGC). Bhí an Fhrainc, Málta, an Ísiltír, an Ostair agus an Ríocht Aontaithe i measc na dtoscaireachtaí freisin a mhol feabhsuithe éagsúla ar an téacs agus a léirigh an tsolúbthacht is mó tríd is tríd. Ba de mheon an chomhréitigh a bhíomar in ann tacú le foclaíocht an 7ú CGC atá beartaithe maidir leis an Treoir Réime Ithreach. Mar sin féin, tá an Fhrainc, Málta, an Ísiltír, an Ostair agus an Ríocht Aontaithe i measc na dtoscaireachtaí sin a mheasann freisin nach ionstraim comhréireach leordhóthanach réamhbhreathnaitheach le haghaidh cosaint ithreach ar leibhéal AE í an Treoir atá beartaithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Creat le haghaidh Cosaint Ithreach agus lena leasaítear Treoir 2004/35/CE mar a thíolaic an Coimisiún Eorpach é in 2006.

Tá an-difríocht idir bealaí éagsúla náisiúnta nó réigiúnacha maidir le tabhairt faoi chosaint ithreach toisc go bhfuil patrúin talmhaíochta, foraoiseachta agus úsáide talún thar a bheith éagsúil ó chéile. Tá dul chun cinn déanta cheana féin ar fud AE, bíodh is nach ar an luas céanna é ó réigiún go chéile, chun cosaint ithreach a áirithiú, lena n-áirítear suímh fhabhtaithe a shainaithint agus córais faireacháin a fhorbairt. Ba cheart béim a leagan ar na hiarrachtaí sin a threisiú trí dhea-chleachtais a roinnt agus trí threoirlínte a fhorbairt tuilleadh, agus na difríochtaí ó réigiún go chéile agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta á gcur san áireamh go hiomlán.

Ráiteas ó Phoblacht na Seice, ón Ungáir agus ón bPolainn

Níl Poblacht na Seice, an Ungáir ná an Pholainn in ann iad féin a chur ar chomhréim le foclaíocht mhír 33 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020 a bhaineann le creat aeráide agus fuinnimh AE ó 2020 amach, ina luaitear *nach mór do AE creat agus sprioc(anna) soiléire atá ceangailteach ó thaobh dlí a chur ar fáil chun an infheistíocht mheántéarmach agus fhadtéarmach is gá a dhéanamh i dtaca le hastaíochtaí a laghdú, le héifeachtúlacht fuinnimh agus le fuinneamh inbhuanaithe. Dá bhri sin ní mór don Aontas féachaint ar roghanna beartais ionas go bhféadfar aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin de réir a chéile ar bhealach cost-éifeachtach, agus na garspriocanna táscacha a leagtar amach sa Treochlár don Gheilleagar Ísealcharbóin faoi 2050 a chur san áireamh, ar garspriocanna iad ba cheart a fhónfadh mar bhunús le haghaidh tuilleadh oibre. Ar an gcaoi sin, is céim mhór chun cinn é an Páipéar Uaine ar chreat 2030 do bheartais aeráide agus fuinnimh¹.*

Dar le Poblacht na Seice, leis an Ungáir agus leis an bPolainn, ní thagann an méid sin le mír 4 de na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 22 Bealtaine 2014, ina luaitear gur choimeád an Chomhairle Eorpach chuici féin an ceart na roghanna éagsúla beartais a phlé agus cinneadh a ghlacadh ina leith. Luaitear go soiléir sna conclúidí go *bpléifidh an Chomhairle Eorpach i mí an Mhárta 2014 roghanna beartais maidir le creat intuartha do bheartais aeráide agus fuinnimh ó 2020 amach nuair a bheidh tograí níos nithiúla ag an gCoimisiún.*

Tuigeann Poblacht na Seice, an Ungáir agus an Pholainn a tábhachtaí atá Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020, ach níor cheart do na cuspóirí tosaíochta a leagtar síos sa chlár dochar a dhéanamh don toradh a bheidh ar idirbheartaíocht atá ar bun faoi láthair nó ar idirbheartaíocht amach anseo maidir le beartas aeráide agus beartas fuinnimh AE.

¹ COIM(2013)0169.

Ráiteas ón Ríocht Aontaithe

Tá na cuspóirí tosaíochta a leagtar amach sa chlár ginearálta gníomhaíochta reatha gan dochar don chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo maidir leis na bearta is gá chun na cuspóirí sin a chur chun feidhme. Ba cheart aon bhearta nua nó aon mhodhnuithe ar na creata dlíthiúla atá ann cheana a bhreithniú i dtionól chumraíocht chuí na Comhairle agus ba cheart iad a ghlacadh faoi fhorálacha ábhartha na gConarthaí.

GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA

GNÍOMH	DOICIMÉAD / RÁITIS
2013/676/AE: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Samhain 2013 lena n-údaraítear don Rómáin beart ar leith a chur i bhfeidhm i gcónaí de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha IO L 316, 27.11.2013, lgh 31-32	15127/13
2013/677/AE: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Samhain 2013 lena n-údaraítear do Lucsamburg beart ar leith a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha IO L 316, 27.11.2013, lgh 33-34	15128/13
2013/678/AE: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Samhain 2013 lena n-údaraítear do Phoblacht na hIodáile beart ar leith a chur i bhfeidhm i gcónaí de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha IO L 316, 27.11.2013	15129/13
2013/679/AE: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Samhain 2013 lena leasaítear Cinneadh 2007/441/CE lena n-údaraítear do Phoblacht na hIodáile bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1)(a) agus Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha IO L 316, 27.11.2013, lgh 37-38	15130/13
2013/680/AE: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Samhain 2013 lena n-údaraítear do Ríocht na Danmhairge agus do Ríocht na Sualainne síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt speisialta de mhaolú ar Airteagal 168, 169, 170 agus 171 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha IO L 316, 27.11.2013, lgh 39-40	15131/13

2013/681/AE: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Samhain 2013 lena leasaítear Cinneadh 2007/884/CE lena n-údaítear don Ríocht Aontaithe beart a chur i bhfeidhm i gcónaí de mhaolú ar Airteagal 26(1)(a), Airteagal 168 agus Airteagal 169 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha IO L 316, 27.11.2013, lgh 41-42	15132/13
2013/671/AE: Cinneadh ón gComhairle an 15 Samhain 2013 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Fraince maidir le reachtaíocht an Aontais a chur i bhfeidhm ar Chomhroinn Saint-Barthélemy i dtaobh cáin a ghearradh ar choigilteas agus maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais IO L 313, 22.11.2013, lgh 1–2	15148/13
Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Bhliantúil Eurojust 2012	14919/13
Conclúidí ón gComhairle maidir le faireachán níos fearr a dhéanamh ar sholáthar drugaí san Aontas Eorpach	15189/13
Cinneadh 2013/659/CBES ón gComhairle an 15 Samhain 2013 lena leasaítear Cinneadh 2010/231/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile IO L 306, 16.11.2013, lgh 15-16	14078/13
Rialachán (AE) Uimh. 1153/2013 ón gComhairle an 15 Samhain 2013 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 147/2003 maidir le bearta sriantacha i dtaca leis an tSomáil IO L 306, 16.11.2013, lgh 1 - 2	14265/13 REV 1
Cinneadh 2013/661/CBES ón gComhairle an 15 Samhain 2013 lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine IO L 306, 16.11.2013, lgh 18-20	15809/13
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1154/2013 ón gComhairle an 15 Samhain 2013 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine IO L 306, 16.11.2013, lgh 3-6	15811/13
Cinneadh 2013/660/CBES an 15 Samhain 2013 lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES maidir le Misean an Aontais Eorpaigh i dtaca le hAcmhainní Muirí Réigiúnacha a neartú i gCorn na hAfraice (EUCAP NESTOR) IO L 306, 16.11.2013, lgh 17-17	14634/13

2013/672/AE: Cinneadh ón gComhairle an 15 Samhain 2013 maidir le Prótacal a thabhairt i gcrích lena leagtar amach na deiseanna iascaigh agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine ar feadh tréimhse dhá bhliain IO L 313, 22.11.2013, lgh 3-3	14581/13 REV 1
Ráiteas ón gCoimisiún Tá an Coimisiún ag cloí leis an seasamh atá aige agus dá bhrí sin tá sé i gcoinne leasú na Comhairle lena gcuirtear Airteagal 43 (gan tagairt ar bith don mhír) i gcomhar le hAirteagal 218(6)a in ionad Airteagal 43(2) i gcomhar le hAirteagal 218(6)a, mar bhunús dlí. Meastar don Choimisiún freisin gur chóir "Airteagal 43(2) i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) a úsáid mar an bunús ceart dlí sna cásanna sin ina dtabharfar comhaontuithe idirnáisiúnta iascaigh chun críche le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ó tharla gurb é bunús ábhartha dlí Airteagal 43(2) a chinneann an ceanglas maidir leis an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa de bhun bhunús oibríochtúil dlí Airteagal 218(6)(a).	
Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht thar cheann an Aontais Eorpaigh maidir le leasuithe ar an gComhaontú lena mbunaítear an Coimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir (CGIM), Rialacha Nós Imeachta CGIM agus Rialacháin Airgeadais CGIM	13821/13 REV 1
Ráiteas ón gCoimisiún "Ní mheastar don Choimisiún gur gá bunús substaintiúil dlí a léiriú i gCinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht."	
2013/720/AE: Cinneadh ón gComhairle an 15 Samhain 2013 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail a comhaontaíodh idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh atá i bhfeidhm idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó IO L 328, 7.12.2013, lgh 1-1	14161/13
Rialachán (AE) Uimh. 1270/2013 ón gComhairle an 15 Samhain 2013 maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh atá i bhfeidhm idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó IO L 328, 7.12.2013, lgh 40-41	14164/1/13 REV 1

Ráiteas ón Danmhairg

Leagann an Danmhairg béim ar a thábhachtaí atá ranníocaíocht AE maidir le caomhnú acmhainní agus inbhuanaitheacht an chomhshaoil trí acmhainní farasbairr agus iad sin amháin a iascach agus trí ró-iascach stoc a chosc faoi chuimsiú na gcomhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh. Meabhraíonn an Danmhairg na teoracha caibidlíochta a leagtar amach sa chinneadh ón gComhairle an 14 Feabhra 2012 sainordú a thabhairt don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht ar phrótacal nua a ghabhfaidh leis an gComhaontú comhpháirtíochta iascaigh le Maracó.

Meastar don Danmhairg nach luaitear go soiléir i dtéacs an phrótacail go n-áiritheofaí go ndéanfar acmhainní iascaigh a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, agus go háirithe nach ndéanfar ach an farasbarr a iascach. Dá bhrí sin, tá an chuma air go bhfuil an bainistiú inbhuanaithe ag brath go huile agus go hiomlán ar bhainistiú iascach i Maracó, ar bhearta bainistithe réigiúnacha agus ar an gcomhar idir AE agus Maracó.

Cuireann an Danmhairg i dtreis freisin go gcaithfidh an tAontas urraim do chearta an duine agus urraim do phrionsabail an daonlathais a chur chun cinn tráth a mbeidh comhaontuithe déthaobhacha á gcaibidil aige. Mar sin féin, ní luaitear na gnéithe sin chomh soiléir céanna i bprótacal Mharacó agus a dhéantar i bprótacail eile iascaigh faoi chuimsiú na gcomhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh.

Tá sé rithábhachtach go n-urramófaí an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear go rachadh acmhainní iascaigh chun tairbhe don phobal áitiúil, an Sahára Thiar san áireamh. Dar leis an Danmhairg, is ag brath ar údarais Mharacó a bheifí an dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus cearta an duine a urramú tríd an prótacal a chur chun feidhme ar bhealach nithiúil.

Ar na cúiseanna sin, tá an Danmhairg i gcoinne na dtograí maidir leis an bPrótacal nua a shíniú agus a thabhairt chun críche agus tá sí i gcoinne leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta.

Ráiteas ón nGearmáin, ón Ostair agus ó Éirinn

Meastar don Ghearmáin, don Ostair agus d'Éirinn gur ann do ghnéithe sna tograí maidir leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh le Ríocht Mharacó a athnuachan, ar gnéithe iad a thugann aghaidh ar na hábhair inní a luadh roimhe seo.

Leagann an Ghearmáin, an Ostair agus Éire an-bhéim ar a thábhachtaí atá sé cearta an duine agus prionsabail an daonlathais a urramú de bhun Airt. 2 den Phrótacal.

I bprionsabal, is díol sásaimh don Ghearmáin, don Ostair agus d'Éirinn na forálacha a cuireadh isteach sa Phrótacal i dtaca leis na dualgais a bheidh ar Mharacó ó thaobh pleanála agus tuairiscithe de a mhéid a bhaineann sé le dáileadh na gcistí ar bhonn réigiúnach, go háirithe i dtaca leis na sochair eacnamaíochta agus sóisialta a bhfuil súil leo agus le dáileadh geografach na sochar sin.

Iarrann an Ghearmáin, an Ostair agus Éire ar an gCoimisiún eolas cuimsitheach a thabhairt go rialta don Chomhairle maidir leis na sochair a fhaigheann muintir an tSahára Thiar a bhuíochas don chomhaontú. Ní mór a áirithiú go dtabharfar bun iomchuí do mhuintir an tSahára Thiar sna hacmhainní airgeadais a eascróidh ón gcomhaontú, ar bun é a rachadh chun tairbhe dóibh.

Is é an chloch is mó ar a bpaidrín é ag an nGearmáin, ag an Ostair agus ag Éirinn gur ar bhealach inbhuanaithe a bhainfi leas as stoic éisc. Iarrann an Ghearmáin, an Ostair agus Éirinn ar an gCoimisiún a áirithiú, i dtaca le bainistiú inbhuanaithe, go ndéanfar seiceáil rialta ar stoic agus ar dheiseanna iascaireachta agus go gcuirfear torthaí na seiceálacha sin in iúl don Chomhairle dá réir.

Beidh síniú an Phrótacail gan dochar don seasamh atá ag AE le fada an lá maidir le stádas an tSahára Thiar. I bhfianaise air sin, agus ag féachaint do na deiseanna a dheonaítear faoi Airt. 8 den Phrótacal, meastar don Ghearmáin, don Ostair agus d'Éirinn go bhfuil sé inghlactha an Prótacal a shíniú.

Ráiteas ó Éirinn

Tá ráiteas eile ar leithligh ag Éirinn i gcomhar leis an nGearmáin agus leis an Ostair maidir leis an gcinneadh an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh le Ríocht Mharacó a shíniú. Cuireann an ráiteas i dtreis a thábhachtaí atá sé prionsabail an daonlathais agus cearta an duine a urramú, lena n-áirítear dáileadh réigiúnach na geistí. Tá forchoimeádas ag Éirinn maidir lena seasamh ar thabhairt chun críche an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh le Ríocht Mharacó.

Ráiteas ón bhFionlainn

Ag féachaint don Togra le haghaidh Cinntí ón gComhairle maidir leis an Prótacal idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó a shíniú agus a thabhairt chun críche, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ar prótacal é lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh atá i bhfeidhm idir an dá Pháirtí agus maidir leis an Rialachán ón gComhairle maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta, ní féidir leis an bhFionlainn tacú leis na Cinntí ón gComhairle ná leis an Rialachán, agus dá bhrí sin staonann sí.

I gcomhréir le prionsabail an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an ceart féinchinntiúcháin, buancheannasacht ar acmhainní nádúrtha agus cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint, leagann an Fhionlainn béim ar an gá atá ann leas agus tuairimí mhuintir an tSahára Thiar a chur san áireamh. Ba cheart go rachadh na sochair eacnamaíochta a eascroidh as cur chun feidhme an Phrótacail chun tairbhe do mhuintir an tSahára Thiar.

Meastar don Fhionlainn go bhfuil sé rithábachtach go gcuirfidh an Coimisiún Eorpach tuarascálacha cuimsitheacha ar fáil go rialta do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh maidir le cur chun feidhme an Phrótacail. Chuige sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thionscadail a roghnaíonn an Coiste Comhpháirteach agus ar na sochair a eascraíonn as na tionscadail sin sa tSahára Thiar.

Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 1/2013 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "An bhfuil tacaíocht AE don tionscal próiseála bia éifeachtach agus éifeachtúil maidir le breisluach a chur le táirgí talmhaíochta?"	14885/13
Conclúidí ón gComhairle maidir le Staidreamh de chuid AE	15442/13

An 3273ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (GNÓTHAÍ EACHTRACHA) a tionóladh sa Bhruiséil an 18 agus an 19 Samhain 2013
GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA

GNÍOMH	DOICIMÉAD / RÁITIS
2014/163/AE: Cinneadh ón gComhairle an 18 Samhain 2013 maidir le tabhairt chun críche an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine den pháirt eile, maidir le Comhaontú Réime idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine maidir le prionsabail na rannpháirtíochta i gcás rannpháirtíochta Ríocht Haisimíteach na hIordáine i gclár an Aontais IO L 89, 25.03.2014, lch 6-6	15256/13

Cinneadh 2013/668/CBES ón gComhairle an 18 Samhain 2013 a thacaíonn le gníomhaíochtaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte i dtaca leis an mbithshábháilteacht agus leis an mbithshlándáil faoi chuimsiú Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta IO L 310, 20.11.2013	14635/13
Cinneadh 2014/71/CBES ón gComhairle an 18 Samhain 2013 maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile a shíniú agus a thabhairt chun críche, lena mbunaítear creat do rannpháirtíocht Phoblacht na Sile in oibríochtaí an Aontais Eorpaigh maidir le bainistiú géarchéimeanna IO L 40, 11.02.2014, lch 1-1	13734/13
2014/15/AE: Cinneadh ón gComhairle an 18 Samhain 2013 maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia a shíniú agus a thabhairt chun críche, lena mbunaítear creat do rannpháirtíocht na Seoirsia in oibríochtaí an Aontais Eorpaigh maidir le bainistiú géarchéimeanna IO L 14, 18.01.2014, lch 1-1	14904/13
Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Túinéis	16196/13
Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Libia	16192/13
Conclúidí ón gComhairle maidir le tionchar réigiúnach na Géarchéime sa tSiria	16194/13

An 3274ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (GNÓTHAÍ GINEARÁLTA) a tionóladh sa Bhruiséil an 19 Samhain 2013

GNÍOMHARTHA REACHTACHA

GNÍOMH	DOICIMÉAD	RIAIL VÓTÁLA	VÓTAÍ
Buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2014 - téacs comhpháirteach an Choiste Réitigh a Fhormheas: Figiúirí de réir líne buiséid - Ranna Eile	16106/13 + ADD 1 + ADD 2 + ADD 3 + ADD 4 + ADD 5	Tromlach cáilithe	Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas: I gCoinne: DK, NL, SE, UK

Comhráiteas maidir le leithreasáí íocaíochta

Meabhraíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún a gcomhfhreagracht, mar atá leagtha síos in Airteagal 323 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go n-áiritheoidh *"Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go gcuirfear na meáin airgeadais ar fáil chun go bhféadfaidh an tAontas a chuid oibleagáidí dlíthiúla a chomhall i leith tríú páirtithe"*.

Meabhraíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an gá lena áirithiú, i bhfianaise cur chun feidhme, go ndéanfaí íocaíochtaí ar bhealach ordúil chun nach ndéanfaí aistriú as an gnách de ghealltanais atá fós gan íoc ("RAL") go buiséad 2015. Maidir leis sin, rachaidh siad i muinín, i gcás inarb iomchuí, na meicníochtaí éagsúla solúbthachta a fhaightear i Rialachán CAI, i measc eile, in Airteagal 13 de.

Aontaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leibhéal na leithreasáí íocaíochta do 2014 a shocrú ag EUR 135 504 613 000. Iarrann siad ar an gCoimisiún aon ghníomh is gá a thionscnamh, ar bhonn fhorálacha an dréacht-Rialacháin maidir le CAI agus an Rialacháin Airgeadais, chun an fhreagracht a shanntar leis an gConradh a chumhdach agus, go háirithe, tar éis an raon feidhme a scrúdú maidir leis na leithreasáí ábhartha a athdháileadh, agus aird ar leith á tabhairt ar aon fho-chur chun feidhme leithreasáí (Airteagal 41§2 den Rialachán Airgeadais), leithreasáí íocaíochta breise a iarraidh i mbuiséad leasaitheach mura bhfuil na leithreasáí a iontráladh i mbuiséad 2014 leordhóthanach chun an caiteachas a chumhdach.

Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle seasamh maidir le haon dréachtbhuiséad leasaitheach a luaithe is féidir chun gannchion i leithreasáí íocaíochta a sheachaint. Ina theannta sin, féachfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le haon aistriú leithreasáí íocaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann a phróiseáil go pras, lena n-áirítear thar theidil chreata airgeadais, d'fhonn an leas is fearr a bhaint as leithreasáí íocaíochta atá curtha isteach sa bhuiséad agus iad a chur i gcomhréir leis an gcur i bhfeidhm iarbhír agus na riachtanais iarbhír.

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, ar feadh na bliana, faireachán gníomhach a dhéanamh ar staid cur chun feidhme bhuiséad 2014, go háirithe faoi fo-cheannteideal 1b (comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach) agus forbairt tuaithe faoi cheannteideal 2 (Fás Inbhuanaitheach: Acmhainní Nádúrtha). Beidh sé sin i bhfoirm cruinnithe idir-institiúideacha tiomnaithe, i gcomhréir le Pointe 36 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Idir-institiúideach, chun cur chun feidhme íocaíochta agus réamhaisnéisí athbhreithnithe a bhreithniú.

Ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún maidir le leithreasáí íocaíochta

Meabhraíonn Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún dóibh an gá le solúbthacht shonrach agus uasta laistigh de CAI 2014-2020. De bharr na n-athruithe ar na bunúis dlí molta a d'aontaigh an t-údarás reachtach, beidh níos mó brú ar na huasteorainneacha íocaíochta faoi CAI 2014-2020. I gcomhthéacs thabhairt chun críche an phacáiste reachtaigh don bheartas Comhtháthaithe 2014-2020 agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscnamh maidir le FBManna, d'eisigh an Coimisiún dearbhú maidir le tionchar an chomhaontaithe ar thángthas air i ndáil leis an gcúlchiste feidhmíochta agus leibhéil réamhíocaíochta ar riachtanais íocaíochta. Cé go meastar go bhfanfaidh tionchar foriomlán na n-athruithe sin ar leithreasáí íocaíochta breise i CAI 2014-2020 teoranta, dúirt an Coimisiún go ndéanfaí na luaineachtaí bliantúla i leibhéal domhanda na n-íocaíochtaí a bhainistiú trí leas a bhaint as an gcorrlach domhanda d'íocaíochtaí. Más gá, féadfaidh an Coimisiún dul i muinín na hIonstraime Solúbthachta agus an Chorrailigh Theagmhais a comhaontaíodh i ndrúacht-Rialachán CAI.

Dá bhrí sin, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún bearta ceartaitheacha a mholadh i bhfianaise cur chun feidhme, ag baint úsáide, a mhéad is gá, na huirliisí eile atá ar fáil sa CAI nua. Go sonrach, le linn 2014, d'fhéadfadh sé go mbeidh ar an gCoimisiún dul i muinín an Chorrailigh Theagmhais, i gcomhréir le hAirteagal 13 den dréacht-Rialachán CAI.

Ráiteas ón gComhairle maidir le leithreasáí íocaíochta

Meabhraíonn an Chomhairle nach féidir na hionstraimí speisialta a chur i ngníomh ach amháin i dtosca nach rabhthas ag súil leo i ndáiríre.

Meabhraíonn sí nach sárófar na huasteorainneacha iomlána de leithreasáí gealltanais agus íocaíochta de bharr an Chorrígh Theagmhais.

Maidir le hionstraimí speisialta eile, meabhraíonn an Chomhairle go ndéirtear in Airteagal 3(2) den dréacht-Rialachán maidir le CAI go bhféadtar leithreasáí gealltanais a iontráil sa bhuiséad thar uasteorainneacha na gceannteideal ábhartha.

Comhráiteas maidir le gníomhaireachtaí díláraithe

Meabhraíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún dóibh a thábhachtaí is atá sé líon na foirne i ngach institiúid, comhlacht agus gníomhaireacht de chuid AE a laghdú 5% de réir a chéile thar cúig bliana, mar a aontaíodh i bPointe 23 den dréacht-Chomhaontú Idir-institiúideach maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhóna airgeadais.

Geallann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an laghdú foirne 5% thuasluaite don tréimhse 2013-2017 a shaothrú de réir a chéile don tréimhse 2013-2017, ag seasamh ar dhea-fheidhmiú na ngníomhaireachtaí ionas go mbeidh siad in ann na cúraimí a shann an t-údarás reachtach dóibh a chomhall. Maidir leis sin, measann siad go bhféadfaí go mbeidh bearta breise, lena n-áirítear cinn struchtúrtha, de dhíth chun an laghdú sin a bhaint amach do ghníomhaireachtaí díláraithe. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an Coimisiún lena measúnú ar na féidearthachtaí roinnt de na gníomhaireachtaí atá ann faoi láthair a chumasc agus/nó a fhoirceannadh, agus/nó ar bhealaí eile chun sineirgí a bhaint amach.

Maidir leis an obair a rinne an Meitheal Idir-institiúideach, as a dtáinig an Cur Chuige Coiteann i ndáil le gníomhaireachtaí díláraithe a comhaontaíodh i mí Iúil 2012, aontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an ngá le dianscrúdú níos buaine ar fhorbairt gníomhaireachtaí díláraithe chun cur chuig comhtháite a áirithiú. Gan dochar dá gcuid sainchumas faoi seach, aontaíonn siad meitheal idir-institiúideach sonracha a bhunú a mbeidh mar aidhm aici bealach forbartha soiléir a shainiú do ghníomhaireachtaí, bunaithe ar chritéir oibiachtúla. Ba cheart don Mheitheal na nithe a leanas a phlé go háirithe:

- Cairteanna foirne a mheasúnú de réir an cháis;
- Bealaí chun leithreasáí leordhóthanacha agus foireann leordhóthanach a sholáthar i gcomhair cúraimí breise, arna sannadh do ghníomhaireachtaí aonair ag an údarás reachtach;
- Mar a chaitear le gníomhaireachtaí atá maoinithe ó tháillí go hiomlán nó go páirteach;
- Struchtúr riaracháin na ngníomhaireachtaí, samhlacha maoinithe, mar a dhéileálar le hioncaim shannta;
- Athmheasúnú ar riachtanais; cumaisc fhéideartha/dúnadh féideartha; cúraimí a aistriú don Choimisiún.

Tabharfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle san áireamh go cuí na torthaí a bhain an Mheitheal Idirinstitiúideach amach ina gcuid breithniúchán mar údarás reachtach agus buiséadach.

Comhráiteas ar cheannteideal 5 agus ar choigeartuithe tuarastail

Aontaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag feitheamh le toradh na gcásanna atá os comhair na Cúirte Breithiúnais, nach n-áireofar na leithreasáí a bhaineann leis na coigeartuithe tuarastail atá molta de 1.7 % do 2011 agus de 1.7 % do 2012 a áireamh i mbuiséad 2014.

Má rialaíonn an Chúirt i bhfabhar an Choimisiúin, tiolacfaidh an Coimisiún dréacht-bhuiséad leasaitheach in 2014 chun na coigeartuithe tuarastail molta a chumhdach, do na Ranna ar fad. Sa chás sin, geallann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go ndéanfaidh siad beart go pras maidir leis an dréacht-bhuiséad leasaitheach ábhartha.

Comhráiteas maidir le hIonadaithe Speisialta de chuid AE Aontaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle aistriú leithreasaí d'Ionadaithe Speisialta AE ó bhuiséad an Choimisiúin (Roinn III) chuig buiséad na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (Roinn X) a scrúdú i gcomhthéacs nós imeachta buiséadach 2015.			
Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 9 don bhuiséad ginearálta do 2013	16107/13	Tromlach cáilithe	Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas: I gCoinne: DK, NL, SE, UK
GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA			
GNÍOMH	DOICIMÉAD / RÁITIS		
2014/94/AE: Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir leis an Ionstraim Solúbthachta a úsáid IO L 48, 19/02/2014, lch 8-8	16108/14		
2013/692/AE: Cinneadh ón gComhairle an 19 Samhain 2013 maidir le seoladh an mhalartaithe uathoibríoch sonraí i ndáil le Sonraí Clárúcháin Feithiclí (SCF) sa tSlóvaic IO L 319, 29/11/2013, lch 7-7	15520/13		
Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag Teacht le Chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le hAguisín a ghabhann leis an Meabhrán Tuisceana idir Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus Comhairle Chónaidhme na hEilbhéise an 27 Feabhra 2006 (Ranníocaíocht Airgeadais ón Eilbhéis chun leasa na Cróite)	15581/13		
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 1194/2013 an 19 Samhain 2013 lena bhforchuirtear dleacht fhrithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a forchuireadh ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne agus na hIndinése IO L 315, 26/11/2013, lch 2-26	15382/13		
Rialachán (AE) Uimh 1194/2013 ón gComhairle an 19 Samhain 2013 lena socraítear ráta coigeartaithe i leith íocaíochtaí díreacha dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 i ndáil leis an mbliain féilire 2013 agus lena n-aisghairtear an Rialachán cur chun feidhme ón gCoimisiún 964/2013 IO L 313, 22/11/2013, lch 13-14	15397/13 Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas: I gCoinne: EL, IT, CY, LV, PL agus PT		

Ráitis ón gCoimisiún

Tar éis don Choimisiún an togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle a ghlacadh an 16 Deireadh Fómhair an ráta coigeartaithe d'íocaíochtaí díreacha a shocrú i leith na bliana féilire 2013, bhí an Chomhairle den tuairim go bhféadfaí an togra a ghlacadh ar bhonn Airteagal 43(3) CFAE agus gan Airteagal 18(5) de Rialachán (AE) Uimhir 1290/2005 ón gComhairle a úsáid, ar Rialachán é a mheastar mar bhonn dlíthiúil "diorthaithe".

Fógraíonn an Coimisiún go measann sé nach fasach é don todhchaí úsáid Airteagal 43(3) chun an ráta coigeartaithe a shocrú d'íocaíochtaí díreacha i ndáil leis an mbliain féilire 2013. Mar a fhoráiltear sa Rialachán Cothrománach a bheidh ann amach anseo, is é Airteagal 43(2) CFAE a bheidh ina bhonn dlíthiúil chun an ráta d'íocaíochtaí díreacha a laghdú i gcreat an tsásra um smacht buiséadach, cé go ndéanfaidh an Coimisiún coigeartuithe féideartha ar an ráta sin roimh 1 Nollaig.

Ráiteas ó Laitvia maidir le smacht buiséadach in 2013

Staanann an Laitvia den vótáil ar an Rialachán ón gComhairle lena socraítear ráta coigeartaithe i leith íocaíochtaí díreacha dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 i ndáil leis an mbliain féilire 2013. Creideann an Laitvia go láidir gur cheart go mbeadh an ráta coigeartaithe de smacht airgeadais a fheidhmítear ar shuimeanna íocaíochta díreacha do 2013 ar leibhéal EUR 5000, agus dá bhrí sin go mbeadh feidhm acu maidir leis na feirmeoirí sin a fhaigheann níos mó ná EUR 5000.

Ráiteas ón bPolainn maidir le smacht buiséadach in 2013

Le linn pléití sa Chomhairle Talmhaíochta agus Iascach, d'áitigh an Pholainn go comhsheasmhach gur cheart an teorainn ag a dhíolmhaítear iad sin a fhaigheann íocaíochtaí díreacha ón sásra smachta airgeadais a choinneáil ag EUR 5 000.

Ag meabhrú di an ráiteas ón gCoimisiún Eorpach an ¹ 30 Meitheamh agus a thogra tosaigh ² an 25 Márta 2013, chomh maith leis an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ³ an 12 Meitheamh 2013 agus dáileadh na vótaí sa Chomhairle, tá an Pholainn den tuairim go bhfuil sé deacair forálacha Rialachán ⁴ an 9 Deireadh Fómhair ón gCoimisiún a thuiscint nó a ghlacadh go polaitiúil. Tríd an tairseach a íslíú ó EUR 5 000 go EUR 2 000, beidh milliún feirmeoir breise ón AE, a bhformhór mór ó na Ballstáit is lagrathúla, ag fáil laghdú ar a gcuid íocaíochtaí díreacha.

Tá an Pholainn den tuairim go mbeadh ciall leis an smacht buiséadach a chur i bhfeidhm ar an ngrúpa céanna feirmeoirí a mbaineann modhnú leo, go háirithe toisc gur cheart go mbeadh an smacht airgeadais ina eachtra aonuaire i dtéarmaí na n-impleachtaí airgeadais do na feirmeoirí lena mbaineann.

Rialachán (AE) Uimh. 1180/2013 ón gComhairle an 19 Samhain 2013 lena socraítear i gcomhair 2011 na deiseanna iascaireachta do stoic éisc áirithe agus do ghrúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt

15169/13

Na Ballstáit uile i bhfabhar

IO L 313, 22/11/2013, lch 4-12

¹ Dearbhú ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm an tsásra don smacht buiséadach – Iarscríbhinn IV a ghabhann le 10961/03 an 30 Meitheamh 2003.

² Togra CE, COM(2013) 159, 25 Márta 2013.

³ Rún reachtach ó PE an 12 Meitheamh 2013.

⁴ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 964/2013 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2013.

Ráiteas ó DE, DK, FI, EE, LV, LT, SE, PL maidir le Leathóga i bhforanna 22-32 Tá na Ballstáit lena mbaineann tiomanta do gach beart is gá a ghlacadh chun measúnú gabhála don stoc seo atá níos cruinne a áirithiú agus an oibleagáid sonraí uileghabhálacha maidir le hábhar muirí aischurtha i ndáil le Leathóga a chlárú á lánurramú.	
Ráiteas ó DE, DK, FI, EE, LV, LT, SE, PL maidir le Bradáin i Murascaill na Fionlainne Tá na Ballstáit lena mbaineann an-tiomanta do na bearta is gá a dhéanamh chun stoic bhradáin fiáine i Murascaill na Fionlainne a chaomhnú. Go háirithe, leanfaidh EE lena bearta bainistíochta dochta agus dírithe sna huiscí cósta, agus na haibhneacha bradáin agus a gcuid sceithbhealaí, e.g. pasáistí éisc a thógáil agus a choinneáil, athchóiriú gnáthóg, gníomhaíochtaí athstocála agus bearta cosanta chun stoic bhradáin fiáine a thacú tríd a mbealaí imirceacha mar a mholann ICES. Leanfaidh FI le scaoilte cúiteacha bradáin a bhfuil clib eite orthu agus déanfaidh sí an t-iascach eangaigh ghaiste in uiscí cósta FI a dhírionn ar bhradáin ó na scaoilte sin a choinneáil. Tosóidh FI freisin an phleanáil ar thógáil pasáiste éisc faoi dheireadh ar Abhainn Kymijoki chun tacaíocht a thabhairt d'atáirgeadh nádúrtha stoc bradáin Neva a tugadh isteach.	
Ráiteas ó DE, DK, FI, EE, LV, LT, SE, PL maidir le Saláin i bhForanna 22-32 Aontaíonn na Ballstáit lena mbaineann go mbainfear amach an t-uastoradh inbhuanaithe faoi 2015 do stoic pheiligeacha i Muir Bhailt. Trí chur chuige céimnitheach a chur i bhfeidhm ag bogadh chuig leibhéal an uastoraidh inbhuanaithe agus an TAC (gabháil iomlan incheadaithe) á shocrú do shaláin in 2014, tá Ballstáit feasach go hiomlán gur cheart coigeartuithe breise ar leibhéal TAC in 2015 a lán-urramú, chun an sprioc thuas a bhaint amach.	
Ráiteas ó DE, DK, FI, EE, LV, LT, SE, PL maidir le bearta chun stoic laga bradáin a théarnamh Aontaíonn na Ballstáit lena mbaineann agus an Coimisiún go bhfuil bearta spriocdhírithe ag teastáil ó stoic laga bhradáin chun tacú lena dtéarnamh. Bunaithe ar thionscnamh ón bhFionlainn agus ón tSualainn, déanfaidh na Ballstáit féidearthachtaí a mheas do bhearta bainistithe iascach spriocdhírithe lena gcumhdaítear uiscí farraige agus intíre agus d'iarrachtaí rialaithe lena dtacaítear le stoic laga bhradáin a théarnamh. Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann na bearta sin a mheas agus iad ag ullmhú do ghlacadh TAC bradáin 2015 don Phríomh-Bháisín agus do Mhurascaill Bhoitnia.	
Rialachán (AE) Uimh. 1182/2013 an 19 Samhain 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 754/2009, (AE) Uimh. 1262/2012, (AE) Uimh. 39/2013 agus (AE) Uimh. 40/2013 maidir le deiseanna áirithe iascaireachta IO L 313, 22/11/2013, lch 15-29	16109/13 Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas: Staonadh: PL

Ráiteas ón gComhairle

Aithníonn an Chomhairle an gá le tuilleadh plé ar an mbealach is fearr chun na féidearthachtaí solúbthachta a thig as comhairliúcháin le Stáit Chósta a chur i bhfeidhm. Agus sin á dhéanamh, cuirfear san áireamh an taithí a fuarthas go n-uige seo agus an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme an Rialacháin leasaithe sin, chomh maith lena idirghníomhú leis na rialacha atá ann cheana féin maidir le solúbthacht.

Ráiteas ón bPolainn

Gabhann an Pholainn a buíochas leis an Uachtaránacht as an méid a rinne sí chun réiteach a fháil ar fhadhb theicniúil thábhachtach a bhaineann le solúbthacht idirbhliantúil de bharr léirmhíntithe difriúla ar Airteagal 7 den Rialachán maidir le Deiseanna Seachtracha Iascaireachta dar dáta 2012. Is cúis áiféala dúinn áfach a thabhairt faoi deara nach mionsonraítear sa réiteach a mholtar conas a chaithfear leis an cuótaí malartaithe nuair a chuirfidh an Coimisiún an tAirteagal 6a nua as seo amach. Ráite an méid thuas, ní fhéadfaidh an Pholainn tacaíocht a thabhairt dó agus staonann sí ón vótáil.

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 6a

Is cúis áiféala don Choimisiún gur roghnaigh an Chomhairle a thabhairt isteach in Airteagal 6a an athuir sásra speisialta solúbthachta do sheacht stoc pheiligeacha atá roinnte leis an Iorua tríd an rialachán maidir le deiseanna iascaireachta idirnáisiúnta a mhodhnú do 2013 (Rialachán (AE) Uimhir 40/2013).

Díríonn an Coimisiún aird na Comhairle gur cheart réiteach níos cobhsaí a bheartú chun go bhforáiltear do shásra den sórt sin.

Díríonn an Coimisiún aird na Comhairle freisin ar na rioscaí a bhaineann leis an sásra solúbthachta a gcuirtear síos air in Airteagal 6a a chur i bhfeidhm go praiticiúil, ar rioscaí iad a bheidh ar na Ballstáit a roghnóidh leas a bhaint as an Airteagal sin. Níor cheart go leanfadh méaduithe cuóta nach bhfuil údar leo, go háirithe maidir le méideanna a thabhairt anonn, as Airteagal 6a a chur i bhfeidhm.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/344/AE maidir le cúnamh airgeadais ón Aontas a dheonú don Phortaingéil

15373/13
+ COR 1
+ COR 2
+ COR 3

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lean bhformheastar an clár coigeartaithe maicreacnamaíoch don Phortaingéil

15787/13

An 3275ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (OIDEACHAS, AN ÓIGE, CULTÚR AGUS SPÓRT) a tionóladh sa Bhruiséil an 25 agus 26 Samhain 2013

GNÍOMHARTHA REACTACHA

GNÍOMH	DOICIMÉAD	RIAIL VÓTÁLA	VÓTAÍ
Cinneadh 2013/755/AE an 25 Samhain 2013 ón gComhairle maidir le comhlachú na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach ('Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear') IO L 344, 19/12/2013, lch 1-118	14907/13	Aontoilíocht	Na Ballstáit uile i bhfabhar

Ráiteas ón gCoimisiún

Is cúis aiféala don Choimisiún é nár thángthas ar chomhaontú sa Chomhairle maidir leis an Airteagal 47 atá molta i ndáil le hEarráidí Riaracháin a Bhainistiú a chur isteach sa Chinneadh ón gComhairle.

B'é cuspóir an Airteagail sin a dhearbhu go sainráite sa Chinneadh, má dhéanann na húdaráis OCT inniúla earráid i ndáil le teastais a eisiúint agus le modhanna comhair riaracháin, agus má tharlaíonn caillteanas a chuireann isteach ar dhleachtanna allmhairithe an Aontais dá barr, go ndéanfaidh an Ballstát a bhfuil caidreamh speisialta leis an OCT a rinne an earráid aige buiséad an Aontais a chúiteamh as an gcaillteanas a tabhaíodh.

Measann an Coimisiún nach bhfuil sé faoi bhuiséad an Aontais, agus dá bhrí sin, faoi na Ballstáit eile, ualach airgeadais na gcaillteanas tabhaithe sin a iompar.

Meabhraíonn an Coimisiún go nglacfaidh na Ballstáit gach beart iomchuí chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a thig ó na Conarthaí, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) CAE. Baineann ceann de na hoibleagáidí sin le hAirteagal 29 CFAE, a fhorálann gur cheart dleachtanna custaim is iníoctha a thobhach. Nuair a dhiúltaíonn Ballstát an caillteanas airgid a chúiteamh, ar airgead é ar cheart a bhailiú agus a chur ar fáil, cuireann sé sin isteach ar fheidhmiú ceart chóras acmhainní dílse an Aontais, agus cuireann sé isteach freisin ar chothromaíocht airgeadais an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus ba cheart dóibh an fhreagracht airgeadais a thig as a gcaidreamh speisialta leis na OCTanna arna liostú in Iarscríbhinn II CFAE a thabhairt orthu féin.

Cé nach bhfuil an tAirteagal molta le cur isteach sa Chinneadh, measann an Coimisiún go bhfuil a ábhar i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá cheana féin ar na Ballstáit faoi na Conarthaí. Tá an cur chuige dlíthiúil sin á chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún i gcásanna reatha maidir le caillteanais a tabhaíodh i gcás earráidí a rinne na húdaráis OCT inniúla agus leanfaidh sé leis an gcur chuige sin i leith cásanna as seo amach.

Ráiteas ón Danmhairg

Tugann an Danmhairg, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe dá n-aire na tograí a rinne an Coimisiún i gcomhair airteagail maidir le hEarráidí Riaracháin a Bhainistiú a chur isteach sa Chinneadh ón gComhairle maidir le comhlachú tíortha agus críocha thar lear leis an Aontas Eorpach.

Bhí molta ag an gCoimisiún gur cheart don Bhallstát a raibh caidreamh speisialta ag OCT leis buiséad an Aontais a chúiteamh as an gcaillteanas a tabhaíodh más rud é go ndearna an OCT earráid. Níor áiríodh an togra sin sa chinneadh cheal comhaontaithe sa Chomhairle. Maidir leis an mBallstát a bhfuil caidreamh speisialta ag OCT leis, ba mhaith leis an Danmhairg, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe a aibhsiú, nach bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ghinearálta ar an mBallstát buiséad an Aontais a chúiteamh as caillteanais a tabhaíodh i leith gníomhaíochtaí a bhfuil cumhachtaí neamhspleácha ag an OCT lena mbaineann ina leith.

GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA

GNÍOMH	DOICIMÉAD / RÁITIS
Cinneadh ón gComhairle maidir le Comhaontú Comhair a thabhairt chun críche ar Chóras Domhanda Loingseoireacht Satailíte sibhialta (GNSS) idir an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát agus an Úcráin	15717/13
Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann AE ag an 18ú Gnáthchruinniú de chuid na Páirtithe Conarthacha i Coinbhinsiún Barcelona maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara, i ndáil leis an togra le haghaidh leasú Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Limistéir Speisialta Chosanta agus le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch sa Mheánmhuir agus i ndáil leis an togra le haghaidh glacadh Plean Gníomhaíochta Réigiúnaigh maidir le Bruscar Muirí	15987/1/13 REV 1
Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta	16531/13
Cinneadh 2013/698/CFSP ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le tacaíocht a thabhairt do shásra tuarascála domhanda maidir le mionairm aindleathacha, airm éadroma agus airm aindleathacha traidisiúnta eile agus armlón chun an riosca a bhaineann le trádáil aindleathach na n-arm sin a laghdú IO L 320, 30/11/2013, lch 34-42	14877/13
Cinneadh ón gComhairle maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais le híoc ag Ballstáit chun an Ciste Eorpach Forbraíochta a mhaoiniú, lena n-áirítear an uasteorainn do 2015, an méid do 2014 agus an chéad tráthchuid do 2014	15699/13
2013/695/AE: Cinneadh ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir leis an gComhaontú maidir le heisiúint víosaí a éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAsarbaiseáine a shíniú IO L 320, 30/11/2013, lch 7-7	15553/13

Conclúidí ón gComhairle maidir le ceannaireacht éifeachtach san oideachas	15587/13
Conclúidí ón gComhairle maidir le diminsean domhanda an ardoideachais	15117/1/13 REV 1
Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar chuimsiú sóisialta daoine óga nach bhfuil fostaithe nó nach bhfuil páirteach san oideachas ná san oiliúint	15770/13
Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le saoirse agus iolrachas na meán sa timpeallacht dhigiteach	15774/13
Moladh ón gComhairle maidir le gníomhaíocht fholláin choirp a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha	15575/13
Conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid a chuireann an spórt le geilleagar AE agus go háirithe le haghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht i measc daoine óga agus le cuimsitheacht shóisialta	15757/13 15757/13 COR 1
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 26 Samhain 2013	
GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA	
GNÍOMH	DOICIMÉAD / RÁITIS
Cinneadh 2013/685/CBES ón gComhairle an 26 Samhain 2013 lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine IO L 316, 27/11/2013, lch 46-49	16163/13
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1203/2013 ón gComhairle an 26 Samhain 2013 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine IO L 316, 27/11/2013, lch 1-5	16164/13